Dianchúrsa ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge, 11 Meán Fómhair – 4 Nollaig 2010: Mic léinn thar lear

Beidh deis ag daoine a bhfuil cónaí orthu thar lear agus nach mbeidh in ann freastal ar na seisiúin sa seomra ranga an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge a dhéanamh. Tá eolas tugtha anseo faoin gcur chuige a bheidh i gceist.

Obair an chúrsa

Beidh ar na mic léinn thar lear an obair a luaitear thíos a chur i gcrích. Beidh deis acu ceisteanna a chur go leanúnach ar fhóram an chúrsa ar ranganna.com faoin obair a bheidh idir lámha acu. Déanfaidh Éamonn Ó Dónaill agus teagascóirí eile an chúrsa a gcuid ceisteanna a fhreagairt agus beidh deis ag na mic léinn cabhrú lena chéile chomh maith trí mheán an fhóraim.

Seo iad na cineálacha éagsúla oibre a bheidh le déanamh ag na mic léinn thar lear:

- Aonaid a léamh as téacsleabhar an chúrsa, *In Ord is in Eagar* le hAntain Mac Lochlainn, agus tabhairt faoi cheachtanna an leabhair.
  (Beidh an leabhar seo le ceannach ar siopa.ie ar €20, móide postas.)
- Staidéar a dhéanamh ar aonaid de chuid an chúrsa 'Cruinneas sa Ghaeilge' ar ranganna.com agus ceachtanna idirghníomhacha ar líne a dhéanamh. Tabharfar aiseolas dóibh go huathoibríoch.
- Staidéar a dhéanamh ar aonaid de chuid an chúrsa 'Tusa agus do Ríomhaire' ar ranganna.com agus ceachtanna idirghníomhacha ar líne a dhéanamh. Tabharfar aiseolas dóibh go huathoibríoch.
- Roinnt ceachtanna (e.g. aistriúcháin agus léamh profaí) a dhéanfar sna seisiúin Sathairn a chur ar aghaidh chuig an teagascóir ar an ríomhphost.

Tá eolas tugtha thíos faoin sceideal oibre a bheidh ag na mic léinn a bheas ag tabhairt faoin gcúrsa as thar lear.

Cuirfear físeáin ar fáil ar ranganna.com tar éis na seisiún Sathairn ina dtabharfar eolas maidir leis an obair a rinneadh, ceisteanna a tháinig chun cinn sa rang, etc.

Obair an chúrsa: sceideal

In Ord is in Eagar

Dáta	**Obair le bheith déanta ag na rannpháirtithe faoin dáta sin**
11 Meán Fómhair	Staidéar déanta ar Aonad 1 agus ar Aonad 2 den leabhar agus na ceachtanna go léir déanta.
9 Deireadh Fómhair	Staidéar déanta ar Aonad 3 agus ar Aonad 4 den leabhar agus na ceachtanna go léir déanta.
6 Samhain	Staidéar déanta ar Aonad 5, ar Aonad 6 agus ar Aonad 7 den leabhar agus na ceachtanna go léir déanta.
4 Nollaig	Staidéar déanta ar Aonad 8, ar Aonad 9 agus ar Aonad 10 den leabhar agus na ceachtanna go léir déanta.

Nóta: Tá freagraí na gceachtanna go léir le fáil ag deireadh an leabhair.

Cúrsaí ar ranganna.com

Dáta	**Obair le bheith déanta ag na rannpháirtithe faoin dáta sin**
11 Meán Fómhair	Staidéar déanta ar Aonad 1 – Aonad 3 de 'Cruinneas sa Ghaeilge' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta. Staidéar déanta ar Aonad 1 de 'Tusa agus do Ríomhaire' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta.
9 Deireadh Fómhair	Staidéar déanta ar Aonad 4 – Aonad 10 de 'Cruinneas sa Ghaeilge' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta. Staidéar déanta ar Aonad 2 de 'Tusa agus do Ríomhaire' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta.
6 Samhain	Staidéar déanta ar Aonad 11 – Aonad 17 de 'Cruinneas sa Ghaeilge' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta. Staidéar déanta ar Aonad 3 de 'Tusa agus do Ríomhaire' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta.
4 Nollaig	Staidéar déanta ar Aonad 18 – Aonad 24 de 'Cruinneas sa Ghaeilge' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta. Staidéar déanta ar Aonad 4 agus Aonad 5 de 'Tusa agus do Ríomhaire' ar ranganna.com agus na ceachtanna go léir déanta.